



Rang 3 & Rang 4  
OSIE



## Ór

**Inniu, d’inis Múinteoir John dúinn faoin mianra ar a dtugtar ór. D’fhoghlaim muid:**

- Go bhfuil ór an-luachmhar
- Nach achmhainn in-athnuaite é
- Nach féidir é a dhéanamh – caithfear é a aimsiú
- Go raibh daoine ag iarraidh agus ag lorg óir go minic in imeacht na mblianta
- Déanann an t-aonad “carat” íonnacht an óir a thomhas. Is é ór 24 carat an t-ór is íne agus is fearr atá d’fhéadfaí teacht air.





## DEA-SCÉAL!

Cé go bhfuil ór neamh-inathnuaite, is dea-scéal é gur féidir é a athchursáil – leáitear é agus déantar cruthanna éagsúla as.

**Sa lá atá inniu ann, déantar 30% de sholáthar óir an domhain a athchursáil.**




## Cad chuige ór?

**Féachaimis ar na feidhmeanna éagsúla atá ag ór – cuirfidh cuid acu iontas ort!**



### Fiacla

Baineadh úsáid as an ór sa bhfiaclóireacht chomh fada siar leis an mbliain 700 RC, nuair a d'úsáid “fiaclóirí” lodálacha sreanga óir chun fiacla ionaid a lonnú i mbéal an othair. Baintear úsáid as ór inniu chun fiacail a líonadh nó coróin a chur air, toisc go go bhfuil ór an-láidir, neamhailléirgineach agus tá sé fusa a bheith ag plé leis.



### Spáslonga

Is ea, spáslonga! Úsáideann NASA, gníomhaireacht spáis na Stát Aontaithe, ór ar go leor leor bealaí éagsúla sna spásarthaigh a chuirtear chun spáis. Nuair a láinseáiltear roicéad, ní foláir ábhair láidire a bheith ann nach ndéanfar díobháil dóibh go héasca. Tá ór chomh seasmhach sin, is amhlaidh go bhfuil sé doscriosta.



## Cad chuige ór?

### Seodra

Cé go bhfuil ór chomh seasmach sin, tá sé an an-shomhúnlaithe chomh maith – dá bhrí sin, is féidir é a bhrú nó a bhuaileadh le casúr i gcruth ar bith gan é a bhriseadh ná a scoilt – is ábhar foirfe é mar sin do dhéantús seodra mionsonraithe.

### Boinn Oilimpeacha

Má bhronntar bonn óir ort sna Cluichí Oilimpeacha, ciallaíonn sin tháinig tú sa chéad áit agus gur tusa an lúthchleasaí is fearr ar DOMHAN sa spórt áirithe sin!

### Fóin póca

Is ea, úsáidtear ór i bhfóin póca toisc gur seoltóir an-éifeachtach é – dá bhrí sin, is féidir leis sruthanna a sheoladh gan damáiste a tharraingt. Ach bí cinnte gan fóin do thuismitheoirí a oscailt chun saibhreas a bhaint as! Ní bhíonn ach méid bídeach óir i bhfón póca – tuairim is 0.034g – ar fiú €1.50 é!

### An t-órchaighdeán

Is córas airgeadais é seo atá in úsáid ag roinnt tíortha. Bíonn seilbh ag rialtais na dtíortha sin ar stór óir. Bíonn tionchar ag an méid óir atá faoi sheilbh ar luach an airgeadais sa tír. Glaotar an t-órchaighdeán air seo.

### Fiosraigh tú féin: An mbaineann Rialtas na hÉireann úsáid as an órchaighdeán?





# Neamh-Inathnuaite

**Acmhainn neamh-inathnuaite é ór, mar sin ní féidir é a dhéanamh – caithfear é a aimsiú.**

Féach na pictiúir thíos agus cuir ciorcal orthu siúd atá IN-ATHNUAITE.





## Jóc

### Conas a dhéantar anraith óir?

Cuir 14 charat ann!




## Ginias na Gleacaíochta!

**Tá Simone Biles, an gleacaí Meiriceánach, ar cheann de na bonnbhuaiteoirí Oilimpeacha is cáiliúla ar domhan sa lá atá inniu ann.**

Seo í i mbun gleacaíochta sna Cluichí Oilimpeacha 2016 i Rio de Janeiro sa Bhrasaíl, áit ar bhuaigh sí cúig bhonn óir.

<https://www.youtubekids.com/watch?v=RW94mABPEpw&hl=en-GB>

**Nach bhfuil sí dochreidte?!**



**Fragraí:** In-athnuate: gaoth, uisce agus adhmaid (is féidir foraois a chur arís)  
Neamh-inathnuate: gual agus ola – nuair atá siad rite amach, ní féidir iad a aimsiú arís!